



Uimhir 38 de 2012

AN tACHT OMBUDSMAN (LEASÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

Alt

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Míniú.
3. Leasú ar alt 1 (míithe) den Phríomh-Acht.
4. Gníomhaireacht inathbhreithnithe.
5. Leasú ar alt 2 (ceapadh an Ombudsman agus a théarma oifige) den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 4 (feidhmeanna an Ombudsman) den Phríomh-Acht.
7. Dualgas ar ghníomhaireachtaí inathbhreithnithe cúnaimh agus treoir a thabhairt, etc.
8. Leasú ar alt 5 (eisiamh) den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar alt 6 (tuarascálacha, etc., ón Ombudsman) den Phríomh-Acht.
10. Leasú ar alt 7 (cumhachtaí an Ombudsman i leith scrúduithe agus imscrúduithe) den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 8 (imscrúduithe a sheoladh) den Phríomh-Acht.
12. Ceisteanna dlí a tharchur chuig an Ard-Chúirt.
13. Leasú ar alt 9 (eolas a bheith faoi rún) den Phríomh-Acht.
14. Leasú ar alt 10 (foireann an Ombudsman) den Phríomh-Acht.
15. An teideal ombudsman a úsáid.
16. Na Sceidil a ionadú.

[Uimh. 38.] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [2012.]

CUID 2

OIFIG AN CHOIMISIÚIN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ

17. Míniú (*Cuid 2*).
18. Leasú ar alt 28 (An Stiúrthóir) d'Acht 2004.
19. Leasú ar alt 29 (Oifigeach cuntasáochta agus cuntais, etc.) d'Acht 2004.
20. Foireann Oifig an Choimisiúin.

CUID 3

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

21. Leasú ar alt 50 den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.
22. Leasú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.
23. Leasú ar alt 36 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
24. Leasú ar alt 28 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005.
25. Leasú ar alt 40 den Acht um Míchumas, 2005.

AN SCEIDEAL

CUID 1

SCEIDEAL ATÁ Á CHUR IN IONAD AN CHÉAD SCEIDIL A GHABHANN
LEIS AN BPRÍOMH-ACHT

CUID 2

SCEIDEAL ATÁ Á CHUR IN IONAD AN DARÁ SCEIDEAL A GHABHANN
LEIS AN BPRÍOMH-ACHT

[2012.] *An tAcht Ombudsman (Leasú), 2012.* [Uimh. 38.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|----------------|
| An tAcht Uchtála, 2010 | 2010, Uimh. 21 |
| An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 | 1999, Uimh. 1 |
| An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005 | 2005, Uimh. 17 |
| Achtanna na gCuideachtaí | |
| Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasá), 1993 | 1993, Uimh. 8 |
| An tAcht Cróinéirí, 1962 | 1962, Uimh. 9 |
| An tAcht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 | 1998, Uimh. 8 |
| Acht na bhFiaclóirí, 1985 | 1985, Uimh. 9 |
| An tAcht um Míchumas, 2005 | 2005, Uimh. 14 |
| <i>Exchequer and Audit Departments Acts, 1866 agus 1921</i> | |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 | 1997, Uimh. 13 |
| An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 | 2005, Uimh. 27 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941 | 1941, Uimh. 23 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 | 2007, Uimh. 25 |
| An tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 1986 | 1986, Uimh. 28 |
| Acht na nAltraí, 1985 | 1985, Uimh. 18 |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 | 2003, Uimh. 32 |
| An tAcht Ombudsman, 1980 | 1980, Uimh. 26 |
| Na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 1984 | |
| An tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 | 2002, Uimh. 22 |
| Achtanna na Radharcmeastóirí, 1956 agus 2003 | |
| Acht na bPinsean, 1990 | 1990, Uimh. 25 |
| An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 | 2003, Uimh. 46 |
| An tAcht Cógaisíochta, 2007 | 2007, Uimh. 20 |
| An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 | 2011, Uimh. 40 |
| An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 | 2004, Uimh. 33 |
| An tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Leasú), 2002 | 2002, Uimh. 23 |
| An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 | 2004, Uimh. 27 |
| An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | 2005, Uimh. 10 |
| An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 | 2005, Uimh. 26 |
| An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005 | 2005, Uimh. 22 |



Uimhir 38 de 2012

AN tACHT OMBUDSMAN (LEASÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA OMBUDSMAN, 1980, DO LEASÚ AN ACHTA UM BAINISTÍOCHT NA SEIRBHÍSE POIBLÍ (EARCAÍOCHT AGUS CEAPACHÁIN), 2004 CHUN A CHUMASÚ, MAIDIR LE FEIDHMEANNA A BHAINNEANN LE hOIFIG AN CHOIMISIÚIN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS LE STIÚRTHÓIR NA hOIFIGE SIN, GURB Í OIFIG AN OMBUDSMAN AGUS GURB É NÓ Í OIFIGEACH NA hOIFIGE IS DEIREANAÍ A LUAITEAR, A CHOMHLÍONANN FEIDHMEANNA PHRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN NA hOIFIGE SIN, A DHÉANFAIDH IAD A CHOMHALL, FAOI SEACH, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEASÚ IARMHARTACH A DHÉANAMH AR ACHTANNA ÁIRITHE EILE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[31 Deireadh Fómhair 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Ombudsman (Leasú), 2012 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 2012 a ghairm de na hAchtanna Ombudsman, 1980 go 1984, agus den Acht seo, le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh ar é a achtú ach amháin i leith eintitis nár ghníomhaireachtaí inathbhreithnithe iad faoin bPríomh-Acht díreach sular achtaíodh an tAcht seo. Maidir le heintitis den sórt sin, tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh 6 mhí ó dháta an achtaithe sin nó cibé dáta is luaithe ná sin (más ann) a shonróidh an tAire le hordú.

2.—San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Míniú. Ombudsman, 1980.

Leasú ar alt 1
(mínithe) den
Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “státseirbhíseach”:

“ciallaíonn ‘duine incháilithe’—

- (a) duine seachas gníomhaireacht inathbhreithnithe nó gníomhaireacht dhíolmhaithe, agus

- (b) duine (is pearsa aonair ar gníomhaireacht inathbhreithnithe nó gníomhaireacht dhíolmhaithe é nó í, nó ar comhalta, oifigeach, fostaí nó gníomhaire den chéanna é nó í) i gcáil phríobháideach an duine sin;

ciallaíonn ‘eintiteas’ duine, comhlacht daoine, eagraíocht nó grúpa, lena n-áirítear, go háirithe, organ rialtais, nó eilimint d’organ rialtais, ag leibhéal náisiúnta nó áitiúil;

ciallaíonn ‘gníomhaireacht dhíolmhaithe’—

- (a) eintiteas a shonraítear sa Dara Sceideal,

- (b) eilimint de ghníomhaireacht inathbhreithnithe atá eisiata ó athbhreithniú—

- (i) le Cuid II den Chéad Sceideal, nó

- (ii) le hordú faoi alt 1A nó 4(10);”.

- (ii) sa mhíniú ar “údarás áitiúil”, trí “an Achta Rialtais Áitiúil, 1941” a scríosadh agus trí “an Achta Rialtais Áitiúil, 2001” a chur ina ionad, agus

- (iii) trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an tAire”:

“ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;

ciallaíonn ‘gníomhaireacht inathbhreithnithe’—

- (a) eintiteas (cibé acu a bunaíodh é roimh an *Acht Ombudsman (Leasú), 2012* a achtú nó dá éis sin) de réir bhrí Chuid I den Chéad Sceideal, ach amháin a mhéid a bheidh sé sainráite le Cuid II den Sceideal sin nó le hordú faoi alt 4(10), i leith aon eilimint den eintiteas sin, go bhfuil sí le heisiamh ó athbhreithniú, agus

- (b) eintiteas a ndearbhaítear le hordú faoi alt 1A gur gníomhaireacht inathbhreithnithe é, ach amháin a mhéid a bheidh sé sainráite leis an ordú sin, i leith aon

eilimint den eintiteas sin, go bhfuil sí le heisiamh.”,

(b) i bhfo-alt (3)—

- (i) trí “d’eintiteas (seachas Roinn Stáit) ar gníomhaireacht inathbhreithnithe nó gníomhaireacht dhíolmhaithe é” a chur in ionad “do phearsa (seachas Roinn Stáit) a shonraítear sna Sceidil a ghabhann leis an Acht seo”, agus
- (ii) trí “an eintitis” a chur in ionad “na pearsan” gach áit a bhfuil sé agus trí “leis an eintiteas” a chur in ionad “leis an bpearsa”.

4.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1:

Gníomhaireacht
inathbhreithnithe.

“1A.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Ombudsman, leis an Ombudsman do Leanaí agus le cibé coiste de Thithe an Oireachtais is cuí leis nó leí, agus le toiliú cibé Aire eile (más ann) is dealraitheach don Aire a bheith freagrach as an eintiteas atá i gceist, agus ag féachaint don ghá atá ann a chinntiú go mbeidh cuntasacht chuí ag eintitis dá dtagraítear san fho-alt seo agus go ndéanfar maoirseacht chuí orthu, a dhearbhuí le hordú gur gníomhaireacht inathbhreithnithe—

(a) eintiteas, arb éard atá ann—

- (i) cuideachta arna bunú faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi, nó
- (ii) aon eintiteas eile a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach, nó go díreach nó go neamhdhíreach le hairgead arna chur ar fáil, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas, nó le heisiúint scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas nó a shealbhaítear thar a cheann nó thar a ceann,

(b) aon eintiteas eile a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, arna dtabhairt dó le haon achtachán (ach sin maidir leis na feidhmeanna sin amháin),

(c) fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) de chuid cuideachta lena mbaineann mír (a)(i), nó

(d) eintiteas (seachas fochuideachta lena mbaineann mír (c)) atá, go díreach nó go neamhdhíreach, faoi rialú eintiteas lena mbaineann mír (a)(ii) nó (b).

(2) Féadfar, le hordú arna dhéanamh faoi fho-alt (1), eilimintí áirithe den eintiteas sin a eisiamh ó athbhreithniú.

(3) I gcás go mbeartaítear ordú a dhéanamh faoi fho-alt (1) agus go ndéanfar leis an ordú sin eilimintí áirithe d’eintiteas a eisiamh ó athbhreithniú, leagfar an t-ordú beartaithe faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.”.

Leasú ar alt 2
(ceapadh an
Ombudsman agus a
théarma oifige) den
Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Sula ndéanfar an ceapachán sin, féadfaidh coiste de Thithe an Oireachtais a bheidh ainmnithe ag an Aire breithniú a dhéanamh ar dhuine a bheidh molta ag an Rialtas le haghaidh ceapachán den sórt sin.”,

agus

- (b) i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (5), trí “Parlaimint na hEorpa” a chur in ionad “Tionól na hEorpa” agus trí “Pharlaimint na hEorpa” a chur in ionad “Thionól na hEorpa” gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 4
(feidhmeanna an
Ombudsman) den
Phríomh-Acht.

6.—Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht—

- (a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2), (3) agus (4):

“(2) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tOmbudsman aon ghníomh a imscrúdú a rinne gníomhaireacht inathbheithnithe nó a rinneadh thar a ceann i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin i gcás go bhfeictear don Ombudsman, tar éis dó nó di réamhscrúdú a dhéanamh ar an ábhar—

- (a) go raibh nó go bhféadfadh sé go raibh éifeacht dhochrach ag an ngníomh ar dhuine incháilithe, agus
- (b) maidir leis an ngníomh—
- (i) go ndearnadh nó go bhféadfadh sé go ndearnadh é gan údarás cuí,
- (ii) go ndearnadh nó go bhféadfadh sé go ndearnadh é ar fhoras neamhábhartha,
- (iii) gur faillí nó neamh-aire nó go bhféadfadh sé gur faillí nó neamh-aire ba chúis leis,
- (iv) go raibh sé nó go bhféadfadh sé go raibh sé bunaithe ar eolas earráideach nó easpach,
- (v) go raibh sé nó go bhféadfadh sé go raibh sé idirdhealaitheach go míchuí,
- (vi) go raibh sé nó go bhféadfadh sé go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin míchuibhiúil,
- (vii) gurbh éard a bhí ann nó go bhféadfadh sé gurbh éard a bhí ann mainneachtain alt 4A a chomhlíonadh, nó
- (viii) go raibh sé nó go bhféadfadh sé go raibh sé thairis sin contrártha do riaradh cóir nó fóna.

(3) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman gníomh a imscrúdú mura rud é—

- (a) go mbeidh gearán arna dhéanamh ag duine incháilithe nó thar ceann duine incháilithe leis an Ombudsman i ndáil leis an ngníomh, nó
- (b) go bhfeictear don Ombudsman (as a threoir féin nó as a treoir féin nó de bhun cumarsáid ó dhuine nach duine incháilithe ná duine dá dtagraítear i bhfo-alt (4A), i leith an ghearáin), ag féachaint do na himthosca go léir, gur cheart imscrúdú a dhéanamh faoin alt seo maidir leis an ngníomh.

(4) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman gníomh a rinne gníomhaireacht dhíolmhaithe nó a rinneadh thar a ceann ná gníomh a rinne gníomhaireacht inathbhreithnithe atá eisiata ó athbhreithniú faoin Acht seo, nó a rinneadh thar a ceann, a imscrúdú.

(4A) Ní dhéanfaidh an tOmbudsman imscrúdú maidir le gearán ag pearsa aonair nó thar ceann pearsa aonair i dtaobh aon ghníomh ag duine eile nó thar ceann duine eile i gcás—

- (a) maidir leis an ngníomh sin—
 - (i) go ndéanann sé difear don phearsa aonair sin de bhua é nó í a bheith ina chomhalta nó ina comhalta, ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina ghníomhaire d'eintiteas nó d'eintitis, agus
 - (ii) go mbaineann sé leis an bpearsa aonair sin, cibé acu ina aonar nó ina haonar nó i dteannta pearsana aonair eile, do chomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta, mar oifigeach, mar fhostaí nó mar ghníomhaire den eintiteas sin nó de na heintitis sin,

agus

- (b) go bhfuil aon eintiteas den sórt sin á mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, as airgead arna sholáthar nó as iasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú ag Aire den Rialtas,

ach ní dhéanfar srian a chur de bhua an fho-ailt seo le himscrúdú an ghnímh sin ach amháin a mhéid a bhainfidh sé le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.”,

- (b) i bhfo-alt (5), trí “nó” a scriosadh ag deireadh mhír (ii) agus na míreanna seo a leanas a chur in ionad mhír (iii):

“(iii) nach ndearna an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nó aici bearta réasúnacha chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghearáin nó, tar éis déanamh amhlaidh, nár diúltaíodh sásamh dó nó di, nó

- (iv) go ndearna an ghníomhaireacht inathbhreithnithe lena mbaineann bearta sásúla, nó go mbeartaíonn sí bearta sásúla a dhéanamh, chun an éifeacht dhochrach a bhí ag an ngníomh ar an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nó aici a leigheas, a mhaolú nó a athrú.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (9) agus (10):

“(9A) Gan dochar d’alt 6(7), féadfaidh an tAire coiste de Thithe an Oireachtais a ainmniú chun tuarascálacha tréimhsiúla a ghlacadh ón Ombudsman agus moltaí a dhéanamh chuig an Ombudsman maidir le feidhmiú a fheidhmeanna nó a fheidhmeanna faoin Acht seo.

- (10) (a) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Ombudsman, leis an Ombudsman do Leanaí agus le cibé coiste de Thithe an Oireachtais is cuí leis nó léi, agus le toiliú cibé Aire eile (más ann) is dealraitheach don Aire a bheith freagrach as an eintiteas sin, agus ag féachaint do leas an phobail agus don ghá atá ann a chinntiú go mbeidh cóimheá idir—

- (i) cuntasacht chuí eintiteas agus formhaoirsiú cuí orthu faoi réir an Achta seo, agus
- (ii) cumas na n-eintiteas sin a ngnóthaí a sheoladh go leordhóthanach,

a dhearbhu le hordú maidir le heintiteas—

- (I) gur gníomhaireacht dhíolmhaithe (lena n-áirítear eintiteas a bhí ina ghníomhaireacht inathbhreithnithe díreach roimh an ordú a dhéanamh) é,

- (II) a shonraítear sa Dara Sceideal, gur eintiteas inathbhreithnithe é, nó

- (III) a shonraítear i gCuid II den Chéad Sceideal, gur gníomhaireacht inathbhreithnithe é ar bhonn eilimintí d’fheidhmeanna na gníomhaireachta sin seachas na míreanna a shonraítear sa Chuid sin.

- (b) Féadfar le hordú arna dhéanamh faoi mhír (a) áireamh nó eisiámh eilimintí d’eintiteas a shonrú.

- (c) I gcás go mbeartaítear ordú a dhéanamh faoi mhír (a), leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(d) Rachaidh an tAire i gcomhairle le cibé coiste de Thithe an Oireachtais is cuí leis nó léi sula ndéanfaidh sé nó sí aon ghníomh faoi mhír (c).

(11) I gcás go n-eascróidh díospóid idir eintiteas agus an tOmbudsman i dtaobh an gníomhaireacht inathbhreithnithe eintiteas, cuirfear an cheist faoi bhráid an Aire agus beidh cinneadh an Aire ina cheangal.”.

7.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

Dualgas ar ghníomhaireachtaí inathbhreithnithe cúnamh agus treoir a thabhairt, etc.

“4A.—(1) Tá feidhm ag an alt seo nuair a dhéanann gníomh a rinne gníomhaireacht inathbhreithnithe (‘an ghníomhaireacht’), nó a rinneadh thar a ceann, i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin difear do na nithe seo a leanas—

- (a) ceart, pribhléid nó sochar eile a bhfuil duine incháilithe, nó a bhféadfadh sé go mbeadh duine incháilithe, ina theideal nó ina teideal, nó
- (b) oibleagáid, dliteanas, pionós nó aimhleas eile a bhfuil duine incháilithe, nó a bhféadfadh sé go mbeadh duine incháilithe, faoina réir.

(2) Déanfaidh an ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil don ghníomhaireacht—

- (a) cúnamh agus treoir réasúnach a thabhairt don duine sin in aon phlé a bheidh ag an duine leis an ngníomhaireacht i ndáil leis an ngníomh a rinne a ghníomhaireacht, ag féachaint go háirithe do riachtanais an duine mar gheall ar aon mhíchumas,
- (b) a chinntiú go bpléifear go cuí, go cóir, go neamhchlaon agus ar mhodh tráthúil le gnó an duine leis an ngníomhaireacht i ndáil leis an ngníomh sin, agus
- (c) faisnéis a sholáthar don duine maidir le haon chearta achomhairc nó athbhreithnithe i leith an ghnímh sin agus maidir leis na nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú agus maidir le haon teorainneacha ama a ghabhann leo.”.

8.—Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 5 (eisiámh) den Phríomh-Acht.

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Faoi réir fho-alt (2), ní imscrúdóidh an tOmbudsman aon ghníomh a rinne duine nó a rinneadh thar a cheann nó thar a ceann—

- (a) más rud é i ndáil leis an ngníomh—
 - (i) go mbeidh an duine dá ndearna an gníomh difear tar éis imeachtaí dlíthiúla sibhialta a thionscnamh in aon chúirt agus nach mbeidh na himeachtaí dífe de bharr gur mainníodh cúis chaingne nó gearán is

inbhreithnithe ag an gcúirt sin a nochtadh, is cuma na himeachtaí a bheith arna dtabhairt chun críche thairis sin nó gan bheith,

- (ii) go mbeidh ag an duine dá ndearna an gníomh difear ceart achomhairc, tarchuir nó athbhreithnithe, arna thabhairt le hachtachán nó faoi achtachán, chun cúirte nó os comhair cúirte sa Stát (nach achomharc, tarchur ná athbhreithniú i ndáil le breith ó chúirt), nó
 - (iii) go mbeidh ag an duine dá ndearna an gníomh difear ceart achomhairc, tarchuir nó athbhreithnithe chun duine nó os comhair duine, seachas gníomhaireacht inathbhreithnithe, atá neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil leis an achomharc, leis an tarchur nó leis an athbhreithniú,
- (b) má bhaineann an gníomh le slándáil náisiúnta nó le gníomhaíocht mhíleata nó (i dtuairim an Ombudsman) le socrúithe maidir le stáit nó rialtais a bheith páirteach in eagraíochtaí nó má dhéanann sé difear don chéanna,
- (c) faoi réir fho-alt (2A), má bhaineann an gníomh leis na nithe seo a leanas nó má dhéanann sé difear dóibh—
- (i) earcú nó ceapadh chun aon oifige nó fostaíochta, nó
 - (ii) na téarmaí agus na coinníollacha (lena n-áirítear na téarmaí agus na coinníollacha ar fúthu agus faoina réir atá pinsin, aiscí nó sochair aoisliúntas eile iníoctha), arb éard iad—
 - (I) na téarmaí agus na coinníollacha ar fúthu agus faoina réir a shealbhaíonn duine aon oifig nó a fhostaítear duine in aon cháil, nó
 - (II) na téarmaí agus na coinníollacha de chuid conradh le haghaidh seirbhísí,
- (d) más rud é—
- (i) i gcás gearán a dhéanamh leis an Ombudsman i ndáil leis an ngníomh, nach ndéantar an gearán sula mbeidh 12 mhí caite ó thráth an ghnímh nó ón tráth a tháinig an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nó aici ar an eolas faoin ngníomh, cibé acu is déanaí, nó
 - (ii) in aon chás eile, go bhfuil tréimhse 12 mhí caite ó thráth an ghnímh,

- (e) má rinneadh an gníomh roimh an dáta a tháinig an ghníomhaireacht inathbheithnithe lena mbaineann faoi réir athbheithniú faoin Acht seo den chéad uair, nó má rinneadh é ar dháta nach raibh an ghníomhaireacht inathbheithnithe lena mbaineann ar shlí eile faoi réir athbheithniú faoin Acht seo,
- (f) más gníomh lena mbaineann alt 8 den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002 an gníomh,
- (g) más rud é, maidir leis an ngníomh—
 - (i) go dtagann sé faoi réim aon earnáil gearáin nó díospóide lena mbaineann mír (a), (b) nó (c) d’fho-alt (2) d’alt 131 d’Acht na bPinsean, 1990, agus
 - (ii) nach bhfuil sé eisiata ó dhlínse an Ombudsman Pinsean de bhua rialacháin faoi mhír (b) nó (c) d’fho-alt (7) den alt sin.

(2) D’ainneoin fho-alt (1), féadfaidh an tOmbudsman—

- (a) imscrúdú a dhéanamh ar inárachaitheacht agus teideal chun sochair faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, agus
- (b) más dealraitheach don Ombudsman gur cuí déanamh amhlaidh de bharr imthosca speisialta, gníomh lena mbaineann mír (a) nó (d) den fho-alt sin a imscrúdú.

(2A) Ní dhéanann fo-alt (1)(c) difear do chumhacht an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar gníomh arna dhéanamh laistigh de ghníomhaireacht inathbheithnithe ar a bhfuil freagracht i riaradh dlíthe maidir le fostaíocht, ar gníomh é a bhaineann le gearán arna dhéanamh faoi dhlí den sórt sin.”,

agus

- (b) i bhfo-alt (3)(b), trí “gníomhaireacht inathbheithnithe (seachas Roinn Stáit) a bhfuil a gnó agus a feidhmeanna cuimsithe i Roinn Stáit den sórt sin nó a gcomhlíonann an Roinn Stáit sin feidhmeanna i ndáil léi” a chur in ionad “pearsa (seachas Roinn Stáit) a luaitear i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a bhfuil a ghnó agus a fheidhmeanna cuimsithe i Roinn Stáit den sórt sin nó a gcomhlíonann an Roinn Stáit sin feidhmeanna i ndáil leis”.

9.—Leasaítear alt 6 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2), (3) agus (4):

Leasú ar alt 6
(tuarascálacha, etc.,
ón Ombudsman)
den Phríomh-Acht.

“(2) In aon chás ina seolfaidh an tOmbudsman imscrúdú faoin Acht seo, cuirfidh an tOmbudsman ráiteas i scríbhinn faoi thorthaí an imscrúdaithe—

- (a) chuig an ghníomhaireacht inathbheithnithe lena mbaineann,

- (b) chuig an Roinn Stáit ina gcuimsítear gnó agus feidhmeanna gníomhaireachta inathbhreithnithe (seachas Roinn Stáit), nó a chomhlíonann feidhmeanna i ndáil le gníomhaireacht inathbhreithnithe, a gcuirfear ráiteas chuici faoi mhír (a),
- (c) chuig aon duine eile a rinne nó a d'údaraigh an gníomh nó, i gcás go mbeidh gearán arna dhéanamh leis an Ombudsman i ndáil leis an ngníomh is ábhar d'imscrúdú, chuig aon duine a líomhnaítear sa ghearán go ndearna sé nó sí nó gur údaraigh sé nó sí an gníomh, agus
- (d) chuig aon duine eile a measann an tOmbudsman gur cuí an ráiteas a chur chuige nó chuici.

(3) I gcás gur dealraitheach don Ombudsman, tar éis gníomh a imscrúdú faoin Acht seo, go raibh éifeacht dhochrach ag an ngníomh ar dhuine incháilithe agus gur ghníomh é de chineál dá dtagraítear in alt 4(2)(b), féadfaidh an tOmbudsman—

- (a) a mholadh don ghníomhaireacht inathbhreithnithe lena mbaineann—
 - (i) go ndéanfar an t-ábhar ar i ndáil leis a rinneadh an gníomh a bhreithniú tuilleadh,
 - (ii) go ndéanfar bearta nó bearta sonraithe chun an éifeacht dhochrach a bhí ag an ngníomh a leigheas, a mhaolú nó a athrú, nó
 - (iii) go ndéanfar na cúiseanna go ndearnadh an gníomh a thabhairt don Ombudsman,
 agus
- (b) freisin a iarraidh ar an ngníomhaireacht inathbhreithnithe sin fógra a thabhairt don Ombudsman laistigh de thréimhse ama shonraithe maidir le freagra na gníomhaireachta ar an moladh.

(3A) I gcás go ndéanfaidh an tOmbudsman moladh do ghníomhaireacht inathbhreithnithe faoi fho-alt (3)(a)(ii) i ndáil le gníomh de chineál áirithe, féadfaidh an tOmbudsman—

- (a) moladh a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta do cibé gníomhaireachtaí inathbhreithnithe is cuí leis an Ombudsman maidir leis an éifeacht dhochrach a bhíonn ag gníomhartha den chineál sin ag aon ghníomhaireacht inathbhreithnithe den sórt sin ar dhaoine incháilithe a leigheas, a mhaolú nó a athrú, agus
- (b) freisin a iarraidh ar aon ghníomhaireacht inathbhreithnithe den sórt sin fógra a thabhairt dó nó di laistigh de thréimhse ama shonraithe maidir le freagra na gníomhaireachta inathbhreithnithe sin ar an moladh.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tOmbudsman gníomh is ábhar do ghearán dá dtagraítear in alt 4(3)(a) a imscrúdú faoin Acht seo,

tabharfaidh an tOmbudsman fógra don duine a rinne an gearán i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) toradh an imscrúdaithe,
- (b) an moladh (más ann) a dhéanfar faoi fho-alt (3)(a) i ndáil leis an ábhar, agus
- (c) an freagra (más ann) ón ngníomhaireacht inathbhreithnithe lena mbaineann ar an moladh sin.”.

10.—Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

Leasú ar alt 7 (cumhachtaí an Ombudsman i leith scrúduithe agus imscrúduithe) den Phríomh-Acht.

- (a) trí an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) Maidir le ceanglas faoi mhír (a), is trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don duine chuig a mbeidh sé dírithe a dhéanfar é agus sonrúfar ann an tréimhse ar laistigh di a bheidh, agus an áit ina mbeidh, aon fhaisnéis, doiciméad, nó rud le tabhairt don Ombudsman nó an áit ina láithreoidh duine os comhair an Ombudsman.”,

agus

- (b) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Más dealraitheach don Ombudsman gur mhainnigh duine ceanglas faoi mhír (a) a chomhlíonadh, féadfaidh an tOmbudsman iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú faoi mhír (d).

(d) Más rud é, ar iarratas faoi mhír (c), gur deimhin leis an gCúirt Cuarda gur mhainnigh an duine lena mbaineann an ceanglas lena mbaineann a chomhlíonadh, féadfaidh an Chúirt, faoi réir fho-alt (2), ordú a dhéanamh á ordú don duine sin an ceanglas a chomhlíonadh.

(e) Is chuig an mbreitheamh den Chúirt Cuarda do Chuaird Bhaile Átha Cliath a dhéanfar iarratas faoi mhír (c).”.

11.—Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)(a) trí “d’aon ghníomhaireacht inathbhreithnithe lena mbaineann” a chur in ionad “d’aon Roinn Stáit, nó d’aon phearsa eile a shonraítear i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, lena mbaineann”.

Leasú ar alt 8 (imscrúduithe a sheoladh) den Phríomh-Acht.

12.—Leasaítear an Príomh-Acht trí an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

Ceisteanna dlí a tharchur chuig an Ard-Chúirt.

“8A.— Féadfaidh an tOmbudsman aon cheist dlí a eascróidh in imscrúdú faoin Acht seo a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh.”.

Leasú ar alt 9
(eolas a bheith faoi
rún) den Phríomh-
Acht.

13.—Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)—

(a) i míreanna (a) agus (b)—

(i) trí “taifead díolmhaithe” a chur in ionad “doiciméad, eolas nó ní”, trí “taifid dhíolmhaithe” a chur in ionad “doiciméid, eolais nó ní” agus trí “an taifid dhíolmhaithe sin” a chur in ionad “an doiciméid, an eolais nó an ní sin” (gach áit a bhfuil sé),

(ii) trí “taifead díolmhaithe” a chur in ionad “doiciméid nó eolais nó nithe” agus in ionad “doiciméid, eolais nó nithe”,

(b) i mír (c), trí “taifead díolmhaithe” a chur in ionad “doiciméad, eolas nó ní” (gach áit a bhfuil sé), agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) San fho-alt seo, tá le ‘taifead díolmhaithe’ an bhrí a thugtar le halt 2 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.”.

Leasú ar alt 10
(foireann an
Ombudsman) den
Phríomh-Acht.
An teideal
ombudsman a
úsáid.

14.—Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht trí fho-alt (4) a scriosadh.

15.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10:

“10A.—(1) Ní dhéanfaidh duine, i dtaca le haon trádáil, gairm, gnó nó slí bheatha, an teideal ombudsman a úsáid, go haonarach nó i dteannta focal nó abairtín eile, mura rud é—

(a) go bhfuil an duine údaraithe chun déanamh amhlaidh le hAcht den Oireachtas nó faoi,

(b) go bhfuair an duine, mar gheall ar na feidhmeanna atá le comhlíonadh aige nó aici, toiliú i scríbhinn roimh ré ón Aire chun déanamh amhlaidh, nó

(c) gur thosaigh an duine ar an teideal sin a úsáid amhlaidh roimh an 9 Iúil 2008.

(2) D’fhonn a chinneadh an dtabharfaidh sé nó sí toiliú faoi fho-alt (1)(b), rachaidh an tAire i gcomhairle—

(a) leis an Ombudsman, agus

(b) le cibé Airí eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint do na feidhmeanna atá le comhlíonadh ag an duine a mbeidh an toiliú sin á lorg aige nó aici.

(3) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus dlítear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

Na Sceidil a ionadú.

16.—Leasaítear an Príomh-Acht trí na Sceidil atá leagtha amach i gCuid 1 agus i gCuid 2, den *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo a chur in ionad an Chéad Sceidil agus an Dara Sceideal faoi seach.

[2012.] *An tAcht Ombudsman (Leasú), 2012. [Uimh. 38.]*

CUID 2

OIFIG AN CHOIMISIÚIN UM CHEAPACHÁIN SEIRBHÍSE POIBLÍ

17.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Míniú (*Cuid 2*).

18.—Leasaítear alt 28 d’Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): Leasú ar alt 28 (An Stiúrthóir) d’Acht 2004.

“(1) Faoi réir fho-alt (2), maidir leis an duine a ainmneoidh an tOmbudsman mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin (cibé ainm a thabharfar air nó uirthi) Oifig an Ombudsman, is é nó is í Stiúrthóir Oifig an Choimisiúin ar a dtabharfar agus dá ngairtear an ‘Stiúrthóir’ san Acht seo.”.

19.—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 29: Leasú ar alt 29 (Oifigeach cuntasáíochta agus cuntais, etc.) d’Acht 2004.

“29.—(1) Chun críocha na *Exchequer and Audit Departments Acts, 1866 agus 1921*, agus Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, maidir leis an duine a bheidh arna cheapadh nó arna ceapadh go cuí mar an t-oifigeach cuntasáíochta le haghaidh chuntais leithreasa Oifig an Ombudsman, is é nó í freisin an t-oifigeach cuntasáíochta le haghaidh chuntais leithreasa Oifig an Choimisiúin.

(2) Ní léifear aon ní i bhfo-alt (1) mar ní a choisceann cuntais leithreasa agus vóta Oifig an Choimisiúin agus cuntais leithreasa agus vóta Oifig an Ombudsmana a chónascadh ina gcuntas leithreasa amháin agus ina vóta amháin.”.

20.—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 32(1): Foireann Oifig an Choimisiúin.

“32.—(1) Le héifeacht ó thosach feidhme an *Achta Ombudsman (Leasú), 2012*, a mhéid a bhaineann sé le hOifig an Choimisiúin:

- (a) tiocfaidh comhaltaí d’fhoireann Oifig an Choimisiúin chun bheith ar an tosach feidhme sin ina gcomhaltaí d’fhoireann Oifig an Ombudsman,
- (b) faoi réir mhír (c), féadfaidh an Stiúrthóir cibé oifigigh agus cibé líon oifigeach agus cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí d’fhoireann an Ombudsman a ainmniú ó am go ham chun foireann a sholáthar d’Oifig an Choimisiúin agus féadfar aon ainmniú den sórt sin a chúlghairm tráth ar bith,
- (c) an duine a bhí díreach roimh an tosach feidhme sin ina Stiúrthóir scoirfidh sé nó sí de bheith ina Stiúrthóir ar an tosach feidhme sin agus—
 - (i) measfar gur oifigeach d’Oifig an Ombudsman arna ainmniú nó arna hainmniú chun Oifig an Choimisiúin é nó í, agus
 - (ii) ní chúlghairfear an t-ainmniú measta sin gan a thoiliú nó a toiliú.”.

[Uimh. 38.] *An tAcht Ombudsman (Leasú), 2012.* [2012.]

CUID 3

LEASUITHE IARMHARTACHA AR ACHTANNA EILE

Leasú ar alt 50 den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999.

21.—Leasaítear alt 50 den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 trí “amhail is dá mba ghníomhaireacht inathbhreithnithe (de réir bhrí an Achta sin) gach ceann acu,” a chur in ionad “amhail is dá mbeadh tagairt do gach ceann acu i gCuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin,”.

Leasú ar an Acht um Ombudsman do Leanáí, 2002.

22.—Leasaítear an Acht um Ombudsman do Leanáí, 2002—

(a) In alt 2—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “comhlacht poiblí”:

“ciallaíonn ‘comhlacht poiblí’ comhlacht a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1980, nó faoi, nó gníomhaireacht inathbhreithnithe de bhua ordú faoi alt 1A den Acht sin, ach sin a mhéid amháin atá an comhlacht faoi réir Acht 1980 agus i ndáil le feidhmeanna a bhfuil an comhlacht faoi réir Acht 1980 ina leith, agus i ndáil leo sin amháin;”

agus

(ii) i bhfo-alt (6)(c), trí “seachas in ailt 14 go 16,” a scriosadh,

(b) in alt 9(1)(c), trí “a shonraítear i Sceideal 2” a scriosadh,

(c) trí alt 10(7) a aisghairm,

(d) in alt 15, trí “d’aon ghníomhaireacht inathbhreithnithe (de réir bhrí an Achta sin) lena mbaineann”, a chur in ionad “d’aon Roinn Stáit, nó d’aon duine eile a shonraítear i gCuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, lena mbaineann”, agus

(e) trí Sceidil 1 agus 2 a aisghairm.

Leasú ar alt 36 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

23.—Leasaítear alt 36 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003—

(a) sa téacs Gaeilge, trí “arna dhéanamh ag gníomhaireacht inathbhreithnithe (de réir bhrí an Achta sin) nó arna dhéanamh thar ceann gníomhaireachta den sórt sin” a chur in ionad “a rinne Roinn Stáit nó duine eile a shonraítear i gCuid 1 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, nó a rinneadh thar a cheann nó thar a ceann”, agus

(b) sa téacs Béarla, trí “reviewable agency (within the meaning of that Act)” a chur in ionad “Department of State or other person specified in Part I of the First Schedule to that Act”.

24.—Leasaítear alt 28 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005 i bhfo-alt (4)—

Leasú ar alt 28 den Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005.

- (a) trí “gníomhaireacht inathbheithnithe (de réir bhrí an Achta sin)” a chur in ionad “Roinn Stáit”,
- (b) i mír (a), trí “ ‘i gcomhlíonadh’ ” a chur in ionad “ ‘(is gníomh a rinneadh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin)’ ”, agus
- (c) i mír (c), trí “fho-ailt (3) agus (3A)” a chur in ionad “fho-alt (3)”.

25.—Leasaítear alt 40 den Acht um Míchumas, 2005—

Leasú ar alt 40 den Acht um Míchumas, 2005.

- (a) trí “gníomhaireacht inathbheithnithe (de réir bhrí an Achta sin)” a chur in ionad “Roinn Stáit”,
- (b) i mír (b), trí “ ‘i gcomhlíonadh’ ” a chur in ionad “ ‘(is gníomh a rinneadh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin)’ ”, agus
- (c) i mír (d), trí “fho-ailt (3) agus (3A) a chur in ionad “fho-alt (3)”.

[Uimh. 38.] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [2012.]

Alt 16.

AN SCEIDEAL

CUID 1

SCEIDEAL ATÁ Á CHUR IN IONAD AN CHÉAD SCEIDIL A GHABHANN
LEIS AN BPRÍOMH-ACHT

“AN CHÉAD SCEIDEAL

GNÍOMHAIREACHTAÍ INATHBHREITHNITHE

CUID I

- (a) Roinn Stáit;
- (b) eintiteas arna bhunú le haon achtachán, ionstraim reachtúil nó cairt (seachas Achtanna na gCuideachtaí) nó le haon scéim a riarann Aire den Rialtas nó faoin gcéanna;
- (c) cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) a bhfuil tromlach na scaireanna inti á shealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas;
- (d) eintiteas (seachas eintiteas lena mbaineann mír (a) nó (b)) arna bhunú nó arna cheapadh ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas;
- (e) fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) de chuid cuideachta lena mbaineann mír (c);
- (f) eintiteas (seachas fochuideachta lena mbaineann mír (e)) atá á rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag eintiteas lena mbaineann mír (b), (c), (d) nó (e);
- (g) eintiteas dá dtugtar feidhmeanna le reacht, le hionstraim reachtúil nó le cairt nó faoin gcéanna, ach sin i leith na bhfeidhmeanna sin amháin;
- (h) foras ardoideachais atá ag fáil maoiniú poiblí;
- (i) eintiteas a bhí, díreach sular achtaíodh *an tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012, faoi réir athbhreithniú ag an Ombudsman.

CUID II

Ní fholáíonn Cuid I den Sceideal seo tagairt do na nithe seo a leanas—

- (a) Údarás Uchtála na hÉireann, a mhéid a bhaineann sí le hordú uchtála a dhéanamh nó le huchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát a aithint, de réir bhrí an Achta Uchtála, 2010;
- (b) an Bord Altranais, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár altraí a bhunú agus a chothabháil faoi Acht na nAltraí, 1985 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí altranais arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;

- (c) Bord na Radharcmhastóirí, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár optaiméadraithe agus radharcmeastóirí urghnamha a bhunú agus a chothabháil faoi Achtanna na Radharcmeastóirí, 1956 agus 2003 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí iomchuí arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;
- (d) an tSeirbhís Chúirteanna, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi alt 5 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998;
- (e) an Chomhairle Fiaclóireachta, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár d'fhiaclóirí agus de chleachtóirí fiaclóireachta a bhunú agus a chothabháil faoi Acht na bhFiaclóirí, 1985 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí fiaclóireachta arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;
- (f) an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a mhéid a bhaineann sí le gníomh—
 - (i) a dhéantar le linn an dlí a riaradh a bhaineann le hinimirce nó le headóirsiú,
 - (ii) a dhéantar le linn príosún nó áiteanna eile a riaradh chun daoine a choimeád a chimigh na Cúirteanna chun a gcoimeádta,
 - (iii) a bhfuil i gceist leis ceart nó cumhacht dá dtagraítear in Airteagal 13.6 den Bhunreacht a fheidhmiú, nó
 - (iv) a bhfuil i gceist leis forghéilleadh nó dícháiliú, a d'fhorchuir cúirt le linn di dlínse choiriúil a fheidhmiú, a loghadh;
- (g) an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi alt 34 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;
- (h) an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005;
- (i) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a mhéid a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh—
 - (i) ag daoine le linn dóibh gníomhú thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus (i dtuairim an Ombudsman) le linn breithiúnas cliniciúil a fheidhmiú i dtaca le tinneas a fháthmheas nó le cúram nó cóireáil othair, agus lena linn sin amháin, is cuma an é nó í an duine a dhéanann an gníomh, nó aon duine eile, a thioctaidh ar an tuairim sin; nó

Sc.

[*Uimh. 38.*] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [2012.]

- (ii) le gníomh arna dhéanamh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le linn dóibh gníomhú de réir comhairle daoine dá dtagraítear i bhfomhír (i), is gníomhartha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a rinneadh, i dtuairim an Ombudsman, de réir na comhairle sin agus dá réir sin amháin;
- (j) an Bord um Chúnaimh Dlíthiúil, a mhéid a bhaineann sí le hataruaetha de chuid an Bhoird um Chúnaimh Dlíthiúil, nó le hataruaetha príobháideacha a bhíonn ag obair faoi choimirce an Bhoird um Chúnaimh Dlíthiúil, do sholáthar seirbhísí dlí (comhairle nó ionadaíocht) do chliant;
- (k) údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001), a mhéid a bhaineann sí le comhlíonadh feidhmeanna forchoimeáda de réir bhrí an Achta sin;
- (l) Comhairle na nDochtúirí Leighis, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár de lia-chleachtóirí a bhunú agus a chothabháil faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí liachta arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;
- (m) an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi Chuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003;
- (n) Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le cláir de chógaiseoirí, de chúntóirí cógaisíochta agus de ghnóthaí cógaisíochta miondíola a bhunú agus a chothabháil faoin Acht Cógaisíochta, 2007 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí iomchuí arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;
- (o) an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le cláir de chleachtóirí cúraim práinne réamh-ospidéil a bhunú agus a chothabháil faoin Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000) agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí iomchuí arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach;
- (p) an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi Chuid 7 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004;
- (q) an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár de sholáthraithe seirbhíse maoinne ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus le cáiliú agus ceanglais eile le haghaidh soláthraithe seirbhíse maoinne a shonrú faoin Acht sin;

- (r) an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár de sholáthraithe seirbhíse maoine ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus lena ról i ndáil le cáiliú agus ceanglais eile le haghaidh soláthraithe seirbhíse maoine a shonrú faoin Acht sin;
- (s) an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin faoi alt 7 den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Leasú), 2002;
- (t) Comhairle Tréidlianna na hÉireann, ach amháin mar a bhaineann sí le gníomh arna dhéanamh i gcomhlíonadh feidhmeanna riaracháin a bhaineann le clár de chleachtóirí tréidliachta agus clár d'altraí tréidliachta a bhunú agus a chothabháil faoin Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005 agus lena ról mar an t-údarás inniúil chun críocha cáilíochtaí tréidliachta arna bhfáil i mBallstát nó atá aitheanta ag Ballstát a aithint go frithpháirteach.”.

CUID 2

SCEIDEAL ATÁ Á CHUR IN IONAD AN DARA SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN BPRÍOMH-ACHT

“AN DARA SCEIDEAL

GNÍOMHAIREACHTAÍ DÍOLMHAITHE

1. Amharclann na Mainistreach
2. Aer Lingus
3. An Bord Pleanála
4. An Post
5. Bord na nArm-Phinsean
6. Arramara Teoranta
7. Coimisinéirí Cuain Bhá Bheanntraí
8. Bord Gáis Éireann
9. Bord na gCon
10. Bord na Móna
11. Údarás Craolacháin na hÉireann
12. Bus Átha Cliath — Dublin Bus
13. Bus Éireann
14. Banc Ceannais na hÉireann
15. Coillte Teoranta

Sc.

[*Uimh. 38.*] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [2012.]

16. An Coimisinéir Teanga
17. An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
18. An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
19. An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
20. An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
21. An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú
22. Coimisinéirí Soilse na hÉireann
23. An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
24. Córas Iompair Éireann
25. Údarás Aerfort Chorcaí cpt.
26. Cróinéirí arna gceapadh faoin Acht Cróinéirí, 1962
27. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
28. An Coimisinéir Cosanta Sonraí
29. Óglaigh na hÉireann
30. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
31. Cuideachta Phort Dhroichead Átha
32. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath cpt.
33. Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath
34. Cuideachta Chuan Dhún Laoghaire
35. EirGrid cpt.
36. Bord Soláthair an Leictreachais
37. An Binse Achomhairc Fostaíochta
38. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
39. An Binse Comhionannais
40. An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais
41. Cuideachta Chuan na Gaillimhe
42. Cigireacht an Gharda Síochána
43. An Garda Síochána
44. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
45. An tÚdarás Árachais Sláinte
46. Rásaíocht Capall Éireann
47. An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt.

48. An Coimisiún um Chearta an Duine
49. Iarnród Éireann — Irish Rail
50. Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
51. Údarás Eitlíochta na hÉireann
52. Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta
53. Bord Scannán na hÉireann
54. Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
55. Corparáid Náisiúnta Pheitriam na hÉireann Teoranta
56. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta
57. An tArd-Abhcóide Breithiúnais
58. An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha
59. An Institiúid um Léann Breithiúnach
60. An Chúirt Oibreachais
61. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
62. An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
63. An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú
64. An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre
65. An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
66. An Coimisiún Meabhair-Shláinte
67. An Bord Mianadóireachta
68. An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
69. An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní
70. An Ceoláras Náisiúnta
71. An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
72. An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
73. An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach
74. Cuideachta an Chrannchuir Náisiúnta (de réir bhrí an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986)
75. An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta
76. Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Sc.

[*Uimh. 38.*] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [2012.]

77. An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta
78. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
79. Cuideachta Phort Ros Mhic Thriúin
80. Oifig an Ard-Aighne
81. Oifig an Fhaighteora Rúnda
82. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
83. Oifig an Choimisinéara Faisnéise
84. Oifig Chigire na bPríosún
85. Oifig an Ombudsman
86. Oifig an Ombudsman do Leanaí
87. Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
88. Oifig an Uachtaráin
89. An tOmbudsman Pinsean
90. Comhairle na Nimheanna
91. Cuideachta Phort Chorcaí
92. Cuideachta Chalafort Phort Láirge
93. An tÚdarás Slándála Príobháidí
94. An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach
95. Raidió Teilifís Éireann
96. An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród
97. An Coimisiún Reifrinn
98. An Binse Achomhairc do Dhídeanaithe
99. An Coimisinéir Iarratas Dídeanaithe
100. An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe
101. Coimisinéirí um Chearta
102. Údarás Aerfort na Sionna cpt.
103. Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
104. An Binse Leasa Shóisialaigh
105. An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
106. An Paiteolaí Stáit
107. Teilifís na Gaeilge
108. An Binse Luachála

[2012.] *An tAcht Ombudsman (Leasú)*, 2012. [Uimh. 38.]

Sc.

109. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh

110. Cuideachta Phort Chill Mhantáin”.